# Scoileanna Caitliceacha: Pobail na Seirbhíse

21–27 EANÁIR 2024

## RANG 5 AGUS RANG 6/P7



| An Creideamh Críostaí | Briathar Dé |
| --- | --- |
| **Rúndiamhair Dé**<br>• Is é Dia an grá.<br>• Maireann Dia inár gcroí istigh: 'mar is ann a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid.' (Gníomhartha 17:28; CCC, 300)<br><br>**Rúndiamhair Íosa Críost**<br>• Bhí comhbhá ag Íosa le daoine eile, leis na bochtáin agus leis na daoine imeallacha ach go háirithe. Léirigh sé ceartas agus aire ina leith siúd.<br>• Chuir Íosa an Dáréag uaidh le ríocht Dé a chraobhscaoileadh agus le cneasú a dhéanamh. (CCC, 551)<br><br>**Rúndiamhair na hEaglaise/na Ríochta**<br>• Bronnann an Spiorad bua éigin ar gach aon bhall den Eaglais ionas gur féidir linn fís Dé maidir lena Ríocht a chur i bhfeidhm anseo anois. (Lumen Gentium [LG], 12, 32: glao)<br>• Ciallaíonn an glao, go dtugtar cuireadh dúinn ó Dhia, é a ghrá agus freastal air agus ar an Eaglais ar bhealach pearsanta áirithe.<br>• Cuireann Íosa glao ar leith ar gach duine againn. (CCC, 3, 542–3)<br>• Leanann na daoine singile Críost nuair a chaitheann siad a saol ag freastal ar dhaoine eile tríd an urnaí agus tríd an obair.<br>• Na daoine sin a roghnaíonn an saol sin, agus a oirnítear tríd an tsacraimint a ghlacadh, feidhmíonn siad ar nós Íosa, an tAoire Maith, agus déanann siad ionadaíocht do Chríost mar cheann na hEaglaise. Déanann siad a saol féin a thiomnú don Athair, mar a dhéanann gach aon Chríostaí, agus bíonn siad ag freastal ar an lucht leanta mar Chríost beo. (CCC, 1548).<br>• Iarrtar ar gach Críostaí a bheith mar fhinné ar an gcreideamh i gCríost, i mbriathra agus i ngníomhartha.<br>• (Dialogue and Proclamation, 59, 82; Evangelii<br>• Nuntiandi, 5). | **An Scrioptúr Naofa**<br>Saol Poiblí Íosa (CCC, 422–24; 430–55; 535–40; 543–56)<br>• An Samárach Maith (Lúcás 10:27-37).<br>• Pairiliseach á Leigheas (Matha 9:1-8).<br>• Míorúilt na mBuilíní agus na nIasc (Marcas 6:34-44; Lúcás 9:12-17).<br><br>**Ord Beannaithe**<br>• Maidir le sacraimint an Oird Bheannaithe, cuirtear glao ar fhear, agus oirnítear é le freastal a dhéanamh ar phobal na hEaglaise mar easpag, nó mar shagart, nó mar dheagánach (CCC, 1548–51).<br>• Trí shacraimint an Oird Bheannaithe bronnann an Spiorad Naomh an grásta ar an sagart, ministreacht, ceannaireacht agus freastal a dhéanamh (cf. LG, 11; Presbyterorum Ordinis, 2). |

| Liotúirge agus Urnaí | An Mhoráltacht Chríostaí |
|---|---|
| **Na Sacraimintí**<br>• Maidir le sacraimint an Oird Bheannaithe, cuirtear glao ar fhear, agus oirnítear é le freastal a dhéanamh ar phobal na hEaglaise mar easpag, nó mar shagart, nó mar dheagánach. (CCC, 1548–51) | **Dínit An Duine**<br>• Iarrtar ar na Críostaithe a gcuid buanna a thabhairt chun foirfeachta, a bheith freagrach ina saol, agus a bheith beannaithe dá bharr. (LG, 39–41; Ad Gentes, 2)<br><br>**Saoirse An Duine agus Freagracht**<br>• Cuireann Dia glao orainn agus táimid saor le freagra a thabhairt air. (glao)<br><br>**Láithreacht Ghrástúil Dé agus a Chabhair**<br>• D'athdhearbhaigh Íosa Aitheanta an tSean-Tiomna agus bhronn sé aithne nua orainn: 'go dtabharfadh sibh grá dá chéile; faoi mar a thug mise grá daoibhse, go dtabharfadh sibhse grá dá chéile'. (Eoin 13:34; CCC, 1968, 1823, 1970, 1972).<br>• Iarrann an Tiarna orainn an grá a bhronnadh de réir a nóis féin, fáiltiú roimh an strainséir, na páistí a ghrá, agus déileáil leis na bochtáin mar a mbeadh Críost féin iontu (Matha 5:44; Lúcás 10:27-37; Marcas 9:37; Matha 25:40, 45; CCC, 1825, 1931–3). |



# Dé Luain: Seirbhís i measc Phobal na gCairde

'Is í seo m'aithne: sibh a thabhairt grá dá chéile, faoi mar a thug mé grá daoibh'.
(Eoin 15:12)

## Smaoinigh

Ciallaíonn an focal 'seirbhís' go mbímid ag freastal ar an duine eile. Iarrtar orainn cabhrú lena chéile. Iarrtar orainn cairdeas a dhéanamh leis na daoine a bhuaileann linn. Is é Íosa ár gcara agus múineann sé dúinn conas is ceart dea-chairdeas a dhéanamh leis an duine eile. I rith a mhinistreachta léirigh sé dúinn an bealach ceart le bheith cairdiúil go maith lenár muintir féin agus muintearas a dhéanamh leis an bpobal thart timpeall orainn. Ba iad riachtanais na ndaoine eile an chloch ba mhó ar a phaidrín aige, agus d'fhreastail sé orthu ar bhealach grámhar neamhleithleach. Mhúin sé dúinn muinín a bheith againn as grá De dúinn, agus an grá sin a léiriú trí dhéileáil leis an duine eile ar bhealach cineálta.


## Fiosraigh

Is é téama an lae inniu ná an tseirbhís i measc phobal na gcairde. Déan machnamh leis an rang maidir leis an mbrí a bhaineann le 'cairdeas'. Pléigh an bhrí atá leis trí na ceisteanna seo a chur:

- An mbaineann tábhacht leis an gcairdeas? Conas san?
- Cén sórt duine é nó í, an cara dílis?
- An dtaitníonn na rudaí céanna le cairde, agus an réitíonn siad i gcónaí lena chéile?
- An bhféadfá cairdeas a dhéanamh le duine a bheadh iomlán éagsúil uait féin?
- Cabhraíonn cairde lena chéile. Cad iad na bealaí ina gcabhraíonn tusa le do chara, nó ina gcabhraíonn do chara leatsa?

Smaoinigh ar an mbrí a bhaineann le freastal a dhéanamh. Cad is brí le 'freastal'? Tá mínithe éagsúla air san fhoclóir: bia a sholáthar, cabhair a thabhairt, am a chaitheamh, obair a dhéanamh, a bheith umhal. An tuiscint a bheidh againn anseo ná bheith ag cabhrú le daoine eile.

- An mbíonn tusa ag freastal ar dhaoine áirithe i do shaol?
- Cé hiad, agus conas mar a fhreastalaíonn tú orthu



### Pléigh

- An bhfuil sé níos fusa freastal a dhéanamh ar dhaoine atá ar aithne agat, agus a bheith deas leo (cairde, an teaghlach) ná mar a bheadh sé déileáil le strainséirí? Cén fáth?
- An dóigh leat gur rud daonnúil é gur maith le daoine cabhrú lena chéile?
- Cad is brí le dearcadh neamhleithleach a bheith ag duine?
- An bhfuil aithne agat ar dhuine a dhéanann freastal ar dhaoine eile ar bhealach neamhleithleach? Cén fáth go mbeidís ag feidhmiú mar sin?
- An dtiocfadh athrú ar domhan dá shásóimis riachtanais an duine eile roimh ár riachtanais féin?
- Abair bealach amháin ina bhféadfá do chuid buanna a úsáid ar mhaithe leis an duine eile.
- Conas mar a d'fhéadfá an neamhleithleachas a spreagadh i measc do mhuintire, le go dtabharfaidís níos mó aire don duine eile?
- Conas mar a théann grá do Dhia agus grá don duine eile le chéile? An mbíonn ceann amháin acu ann gan an ceann eile?
- An mbíonn sé éasca freastal ar dhaoine a bhíonn deas linn nó a dhéanann muid a chúiteamh as an bhfreastal?
- An bhfuil sé éasca freastal ar dhaoine a dhéanann neamhaird díot, gur cuma leo fút féin agus faoin iarracht a dhéanann tú?

Sa lá atá inniu ann cuirtear pictiúir de na gaiscí ar na meáin shóisialta le haird a tharraingt agus le 'likes' a ghnóthú. Iarrtar orainne freastal ar an duine eile mar bhealach le Dia a ghrá, agus le freastal air siúd.

Ní raibh mórtas ar Íosa as a chuid dea-oibreacha. Ní raibh sé ag freastal ar dhaoine eile le PR a dhéanamh ar Instagram/BeReal/Snapchat. Déan ransú smaointe faoi na bealaí ina bhféadfaimis freastal ar an duine eile.

### Gníomhaíocht 1: Freastal ar dhaoine eile

Déan pictiúr de phostáil ar na meáin shóisialta a léiríonn tú féin ag freastal ar an duine eile.

## Gníomhaíocht 2

Tá go leor samplaí sa Bhíobla ina ndéanann Íosa freastal ar an duine eile. Déan grúpaí de na daltaí. Abair leo sliocht áirithe as an mBíobla a aimsiú agus a léamh a dhéanann cur síos ar Íosa bheith ag freastal ar dhuine eile. Nuair a bhíonn sé sin déanta acu iarr orthu an scéal a rá leis an gcuid eile de dhaltaí an ranga.

**Leigheasann Íosa an Pairiliseach**
- Matha 9:1-8
- Marcas 2:1-12

**Míorúilt na mBuilín agus na nIasc**
- Marcas 6:34-44
- Lúcás 9:12-17

**Duine Bodhar Balbh á Leigheas**
- Marcas 7:32-37

**Leigheasann Íosa an Fear Dall**
- Marcas 8:22-26

**Leigheasann Íosa Bean an Éagrúis**
- Lúcás 13:10-13

## Guí

A Dhia, bíodh an tuiscint againn faoin mbealach inar féidir linn a bheith fíor-chairdiúil leatsa, agus lena chéile. Iarrtar orainn meas, cineáltas agus grá a léiriú don uile dhuine a bhuaileann linn. Deonaigh go gcuirfear aithne orainne mar dhaoine a dhéanann freastal ortsa trí sheirbhís a chur ar fáil do dhaoine eile. Cabhraigh linn cuimhneamh ar an aithne mhór agus a chéile a ghrá i gcónaí. Amen.

Scríobhadh an rang an phaidir thuas ar leathanach A4 agus é a mhaisiú. Is féidir an phaidir a rá i rith phaidreacha na maidine ar feadh na seachtaine.

# Dé Máirt: Seirbhís i measc Phobal na Scoile

'Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.'
(Matha 22:39)

## Smaoinigh

Pobail na comhbhá is na haire iad na scoileanna Caitliceacha ina mbreathnaítear ar an uile dhalta mar phearsa luachmhar thallannach le grá. Cuirtear fáilte roimh chách iontu. Déanaimid ár ndícheall na daltaí a spreagadh le grá a thabhairt do chách díreach mar a bhronn Íosa a ghrá orainne, ar bhealach caoin comhbhách. Smaoinímid ar an méid a dúirt Íosa faoi ghrá a thabhairt don chomharsa. Ba mhaith le Dia go léireoimis grá dá chéile trí fhreastal a dhéanamh ar a chéile. Guímid ar son a chéile, bímid ag freastal ar a chéile, lách lena chéile, díreach mar a dhéanfadh Íosa.

## Fiosraigh

Arsa Íosa: "Gráóidh tú do chomharsa mar thú féin.' Cad a bhíonn i gceist aige nuair a deir sé 'comharsa'? Chuir duine de lucht éisteachta Íosa an cheist sin air. D'inis Íosa an scéal 'An Samárach Maith' le míniú a thabhairt ar an mbrí a bhí leis. Tugadh fogha faoi Ghiúdach a bhí ar aistear sa scéal, agus goideadh a chuid uaidh. D'imigh sagart agus Léivíteach (fear Giúdach) thar bráid, ach níor bhacadar cabhrú leis. Ansin tháinig Samárach ar an láthair. Ní raibh na Giúdaigh agus na Samáraigh báúil lena chéile ag an am. Éistimis leis an scéal:

> Bhí fear Giúdach ag siúl an bhóthair lá. Bhí sé ag teacht ó Iarúsailéim agus ar a bhealach chuig Ireachó agus thógfadh sé lá nó dhó an bealach a shiúl.
>
> Bhí an bóthar clochach go maith, agus cnocáin thart timpeall air. Bhí an lá go deas, agus an fear ag portaireacht leis féin, nuair a léim scata fear amach ar an mbóthar roimhe. Thugadar drochíde dó ar eagla go leanfadh sé iad, bhain siad na héadaí de, agus ghoideadar gach a raibh ina sheilbh aige. D'fhágadar ina luí ina chnap fuilteach ar thaobh an bhóthair é.
>
> Tháinig sagart an treo sin tamall ina dhiaidh agus thug sé an fear bocht faoi deara. Cad a rinne sé? In ionad dul anonn agus cabhair a sholáthar, thrasnaigh sé an bóthar agus lig sé air nach bhfaca sé an fear bocht briste brúite.

Tamall ina dhiaidh sin tháinig Léivíteach ar an láthair. Duine é a bhíodh ag cabhrú leis na sagairt ina gcuid oibre. Bheifeá ag súil leis go gcabhródh sé leis an bhfear bocht, agus mhoilligh sé le breathnú síos air. In ionad aon chabhair a sholáthar áfach, lean sé ar aghaidh agus thug sé neamhaird air.

Cúpla nóiméad ina dhiaidh sin, tháinig fear eile chun na háite sin. Samárach a bhí ann. Bhí na Samáraigh agus na Giúdaigh naimhdeach lena chéile. Ní bhíodh na Giúdaigh ag déileáil go deas leis na Samáraigh, níor réitíodar lena chéile. Giúdach a bhí gortaithe ina luí ar thaobh an bhóthair, agus cheapfá nach mbeadh suim ar bith ag an Samárach cabhrú leis. Seans go mbeadh sé ag fonóid faoi.

Ach chomh luath agus a thug an Samárach an fear bocht faoi deara, bhí trua aige dó. D'ardaigh sé den talamh é agus thug sé aire dá chréachtaí. Chuir sé ola agus fíon (a bhí costasach go maith) orthu ionas nach mbeadh galar orthu agus chlúdaigh le bindealáin iad. D'ardaigh sé ar a asal féin é le tabhairt chuig an óstán, le go dtabharfaí aire dó.

An lá dár gcionn bhronn an Samárach go leor airgid ar lucht an tí ósta le go bhféadfaidís aire a thabhairt don fhear bocht go dtí go mbeadh leigheas air. Mura mbeadh feabhas air taobh istigh de dhá mhí, bheadh sé sásta filleadh ansin agus aon chostas breise a íoc.

Iarr ar na daltaí dráma a dhéanamh agus a léiriú den scéal 'An Samárach Maith'.

**Pléigh**

Cén duine den triúr fear a bhí sa scéal 'An Samárach Maith' a bhí mar chomharsa ag an bhfear a bhí fágtha ina chnap ar thaobh an bhóthair? Conas san?

Cé hiad na comharsana atá againn féin sa lá atá inniu ann? Roinnigí bhur gcuid smaointe lena chéile. Cé hiad na daoine a lorgódh cabhair uainne? (daoine gan dídean, teifigh, iarrthóirí tearmainn, comharsa a bhí tinn, cara a bhí i ngátar).

Conas is féidir linne sampla an tSamáraigh Mhaith a chur i bhfeidhm ar ócáidí mar iad? Pléigh an bealach ina mhúineann an scéal seo dúinn conas freastal a dhéanamh ar lucht na scoile seo againne a d'fhulaing, nó a fhulaingíonn ar bhealach ar bith, agus ar na daoine sa bhaile atá mar an gcéanna. Meabhraigh do na daltaí go gciallaíonn an freastal, grá a léiriú agus cabhair a sholáthar do dhaoine eile. Cad iad na bealaí ina bhféadfaimis cabhrú leis na daoine atá i ngátar?

**Guí**

A Dhia chaoin, cabhraigh linn a bheith cairdiúil comharsanúil. Bronn an chrógacht orainn cabhrú leis an duine eile fiú nuair is deacair a leithéid a dhéanamh. Gabhaimid buíochas leat as an dea-shampla a thabhairt dúinn ionas gur féidir linn na daoine a bhuaileann linn agus atá i ngátar a ghrá, agus freastal a dhéanamh orthu.
Amen.

## Gníomhaíocht 1: Barróg a bhreith

Nuair a bhíonn eagla orainn, nuair a bhímid uaigneach, cabhraíonn sé má bheireann duine barróg orainn. Táimid chun barróg a chruthú le go bhféadfá é a bhronnadh ar dhuine, rud a thabharfaidh le fios di nó dó, gur mhaith leat grá agus aire a thabhairt don duine sin. Is féidir an bharróg a sheoladh tríd an bpost don duine a bheadh ina éagmais.

Cad a bheidh uait:

- Cárta tanaí (daite nó bán)
- Pinn/Pinn luaidhe dhaite
- Siosúr, téad
- Stáplóir, Sellotape nó gliú PVA
- Clúdach litreach agus stampa


**Céim 1**: Leag do láimh ar an gcairtchlár agus imlínigh í, clé agus deas.

**Céim 2:** Dathaigh agus maisigh cruth na lámh. Is féidir 'Barróg Uaimse' nó a leithéid a scríobh ar an bpictiúr.

**Céim 3:** Gearr amach cruth na lámh go cúramach.

**Céim 4:** Sín amach do lámha ar an dá thaobh díot, agus gearr píosa téide den achar sin. Tá seans ann go mbeidh ort cabhair a lorg ó dhuine éigin eile chun a leithéid a dhéanamh.

**Céim 5:** Déan an lámh a ghearr tú amach as an gcairtchlár a cheangal le ceann na téide, le stápla, le gliú nó le Sellotape, ceann ar dheis agus ceann ar chlé.



Ar mhaith leat an bharróg a bhreith ar dhuine áirithe?



# Dé Céadaoin: Seirbhís i measc an Teaghlaigh

## Smaoinigh

Táimid ag foghlaim i rith na seachtaine seo maidir leis na bealaí ina gcuireann an scoil Chaitliceach an grá a léirigh agus a mhúin Íosa dúinn, i bhfeidhm inár measc féin mar phobal na seirbhíse. Bainimid le pobal ar leith: an teaghlach. Is cuid lárnach den teaghlach iad na seantuismitheoirí. Déanann ár scoil Chaitliceach an t-ionchur a dhéanann na seantuismitheoirí maidir lenár saol a shaibhriú a cheiliúradh inniu. Aithnímid agus gabhaimid buíochas as an mbealach ina dtugann siad an creideamh ar aghaidh do na garpháistí, agus as an tacaíocht a léiríonn siad i leith phobal an chreidimh sa bhaile agus sa pharóiste. Bronnann siad an lúcháir ar shaol na ngarpháistí agus bíonn siad mar eiseamláirí na seirbhíse a dhéanaimid ar a chéile.

## Fiosraigh

Is tíolacadh ó Dhia inár saol iad na seantuismitheoirí. Tugann siad aire dúinn nuair a bhímid ag fás aníos, agus is minic a mhúineann siad ceachtanna tábhachtacha dúinn. Tá go leor den saol feicthe acu, agus seantaithí acu ar dhéileáil leis, agus leis na hathruithe a thagann air, bídís go maith nó go holc.

Iarr ar na daltaí na rudaí a d'fhoghlaimíodar ó na seantuismitheoirí a rá. Is féidir iad a spreagadh le freagraí a thabhairt má luaitear topaicí ar nós aire, flaithiúlacht, grá, agus urnaí. Beidh fonn orthu na ceachtanna a d'fhoghlaimíodar agus an t-eispéireas ar leith a bhí acu leis na seantuismitheoirí a rá ansin. Pléigh na bealaí ina léiríonn na seantuismitheoirí go mbíonn grá acu dúinn, agus na bealaí inar féidir linne iad san a ghrá, agus aire a thabhairt dóibh.



## Gníomhartha

(Nóta: Bí aireach anseo faoi dhéileáil le páistí ar cailleadh seantuismitheoir leo, nó faoi dhaltaí nach mbíonn i dteagmháil leis na seantuismitheoirí ar chor ar bith. Is féidir le rang ar bith na gníomhartha thíos a chomhlíonadh ag leibhéal a oireann dóibh. Roghnaigh na gníomhaíochtaí atá oiriúnach don rang.)

### Portráid: Mise le Mamó/Mise le Daideo

Spreag na daltaí le portráid a tharraingt agus a dhathú a thaispeánann iad le Mamó agus/nó le Daideo ar ócáid shona lúcháireach.

### Cárta buíochais

Spreag na daltaí le cárta buíochais a chruthú le tabhairt do na seantuismitheoirí a chuireann síos ar an dea-thionchar a bhí acu ar shaol na bpáistí. Is féidir an cárta a bhronnadh ar na seantuismitheoirí, nó a chur chucu tríd an bpost má tá cónaí i gcéin orthu.

### Deachuimhne:

Spreag na daltaí le smaoineamh ar an am inar roinneadar taithí speisialta leis na seantuismitheoirí. Iarr orthu an chuimhne sin a scríobh i bhfocail ionas gur féidir í a roinnt leis na seantuismitheoirí.

### Urnaí:

Cum paidir a ghabhann buíochas as na seantuismitheoirí.

### Tionscadal:

Déantar nasc leis an gcuraclam staire OSIE trí na daltaí a spreagadh le go ndéanfaidís staidéar ar shaol na seantuismitheoirí trí agallamh a chur orthu, más féidir. Mura féidir a leithéid a dhéanamh, d'fhéadfaí ceisteanna a chur ar thuismitheoirí nó ar ghaolta eile le heolas a chruinniú. Is féidir grianghraif a bhailiú a léireodh ócáidí ar leith ina saol: ar scoil, pósadh, baisteadh, le garpháistí. Is féidir póstaer a chruthú a dhéanfaidh an t-ionchur a bhí ag na seantuismitheoirí ar shaol na ngarpháistí agus ar shaol an teaghlaigh a cheiliúradh.



# Déardaoin: Seirbhís i measc an Phobail Áitiúil

'Leis an Tiarna an talamh agus a lánmhaire, an domhan ar fad agus a maireann ann'.
(Salm 24:1)

## Smaoinigh

Bhronn Dia an domhan orainn. Cónaímid anseo le gach ar chruthaigh sé. Tá freagracht ollmhór orainne dá bharr. Is sa bhaile agus sa dúiche áitiúil is túisce a fhoghlaimímid conas aire cheart a thabhairt don domhan. Nuair a thugaimid aire dár dtimpeallacht féin, táimid ag freastal ar an bpobal áitiúil.

## Fiosraigh

Tá an fhreagracht orainne ar fad, aire a thabhairt don domhan. Beidh tionchar deimhneach nó diúltach ag na roghanna a dhéanaimid ar an timpeallacht áitiúil. Is Scoileanna Glasa iad cuid de na scoileanna sa tír. Más amhlaidh daoibhse is féidir cuid de na straitéisí a bhíonn idir lámha agaibhse ar scoil ó thaobh caomhnú na timpeallachta de, a lua i rith an cheachta seo.

Nuair a thugaimid aire dár dtimpeallacht féin, táimid ag freastal ar an bpobal áitiúil. Pléigh an áit ina gcónaíonn sibh lena chéile mar rang, agus freagair na ceisteanna/tabhair moltaí maidir leis an méid seo thíos:

- Ainmnigh 5 rud a thaitníonn leat faoin áit ina bhfuil cónaí ort.
- Ainmnigh acmhainní nádúrtha atá i do thimpeallacht. (locha, aibhneacha, an trá, na crainn)
- An bhfuil áiteanna in aice leat gur gá iad a fheabhsú? (an iomarca tráchta, bruscar, easpa ábhar nádúrtha)
- Conas mar is féidir linne feabhas a chur ar ár dtimpeallacht? (bailigh bruscar, cuir bláthanna, siúl/rothaíocht ar scoil más féidir, ardaigh salachar do mhadra)



**Gníomhaíocht 1**
Sa chiorcal thíos, scríobh trí bhealach inar féidir libh freastal ar an bpobal áitiúil trí aire a thabhairt don timpeallacht.

## Aire a Thabhairt don Domhan a Chruthaigh Dia

1

2

3

**Buíochas le Dia as an domhan álainn.**

**Gníomhaíocht 2: Síolta a chur**
Mura mbíonn spás glas, nó ceapach bláthanna, nó potaí móra ar fáil le go gcuirfí bláthanna fiáine iontu, lig do na daltaí síolta (gormán, gleorán) a chur i bpotaí beaga athchúrsáilte iógairt.

Pléigh leis an rang an bealach ina dtabharfaí aire do na potaí nuair a chuirtear na síolta iontu (uisciú, solas/teas ar fáil).

# Dé hAoine: Seirbhís i measc Phobal Creidimh

'Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, leanadh sé mé,
agus an áit ina mbímse, is ann a bheidh mo fhriothálaí chomh maith.
Má dhéanann aon duine friothálamh ormsa, tabharfaidh m'Athair onóir dó.'
(Eoin 12:26)

## Smaoinigh

Bhí fáth ar leith ann gur cuireadh gach duine againn ar an saol seo. Tá obair le comhlíonadh againn. Bronntar buanna orainn, gintear smaointe, spreagtar chun ghnímh sinn. Bronntar tallanna orainn le húsáid i seirbhís na hEaglaise, agus le freastal ar a chéile. Iarrtar orainn na buanna atá againn a aithint agus iad a úsáid ar mhaithe le freagra a thabhairt ar phlean Dé dúinn.

## Fiosraigh

Bíonn buanna againne ar fad, agus d'fhéadfaí iad a chur in úsáid ar mhaithe le feabhas a chur ar domhan. Pléigh na buanna éagsúla atá acu leis an rang, bua na héisteachta, cumas sa mhata, san ealaín, sa cheol, a bheith caoin, aireach, comhbhách. Iarr ar na daltaí a rá cad iad na bealaí ina bhféadfaí na buanna seo a úsáid le feabhas a chur ar domhan.

Tá iliomad bealaí ann ina bhféadfaí freastal a dhéanamh ar an bpobal creidimh. Iarr ar na daltaí na bealaí ina ndéantar an freastal seo a lua, agus na bealaí ina mbíonn daoine bainteach le saol an pharóiste. Déan liosta ar an gclár bán agus ainmneacha na ngrúpaí/na ndaoine a bheadh páirteach sa pharóiste a lua. Is féidir cór na hEaglaise a lua, na sagairt, na ceoltóirí, coistí éagsúla an pharóiste, léitheoirí, ministrí na hEocairiste, mná rialta, an sacraisteoir, freastalaithe an Aifrinn. Mínigh gur cuireadh glao ar na daoine seo na buanna atá acu a úsáid le freastal ar an bpobal creidimh sa pharóiste.

Cuireann Dia glao ar leith ar dhaoine áirithe le saol speisialta a chaitheamh i measc an phobail creidimh. Scríobh na focail 'Gairm Bheatha' ar an gclár. Pléigh an bhrí atá i gceist leis an rang. Ba mhaith le Dia go ndéanfaimis freastal air. Bíonn bealaí éagsúla ann lena leithéid a dhéanamh. Tugtar 'Glao' air chomh maith. Glaoitear ar dhaoine áirithe a bheith mar shagart, nó mar bhall d'ord rialta, mar bhean rialta, nó mar dheagánach, agus an saol a chaitheamh mar sin i seirbhís Dé.



**Gníomhaíocht 1**
Tá an scéal le léamh sa Bhíobla faoin am a raibh na deisceabail á nglaoch ag Íosa. Nuair a ghlaoigh sé ar an dáréag ag Muir na Gailíle, agus dúirt leo é a leanúint, ócáid mhór i saol Íosa a bhí ann, de réir an scéil sa Tiomna Nua. Is féidir an scéal a léamh anseo: Matha 4:18-22, Marcas 1:16-20, Lúcás 5:1-11 agus Eoin 1:35-51.

Má bhíonn an t-am agaibh chuige, déan an rang a roinnt i ngrúpaí, agus iarr ar na grúpaí ceann de na scéalta a aimsiú agus a léamh sa Bhíobla. Ansin iarr orthu an scéal sin a rá leis an gcuid eile den rang.

**Gníomhaíocht 2**
Tabhair cuireadh don sagart paróiste áitiúil, do bhean rialta nó do bhráthair teacht chun na scoile. D'fhéadfaí iad a chur i láthair ag an tionól scoile, nó iad a thabhairt chuig rang áirithe. D'fhéadfaí ceisteanna a lorg ó na daltaí roimh ré le go gcuirfidís na ceisteanna sin ar na cuairteoirí ag am na cuairte. Tá ceisteanna samplacha anseo:

- Cathain a rinne tú an cinneadh bheith i do shagart/bhean rialta/bhráthair?
- Cad a rinne tú le bheith i do shagart/bhean rialta/bhráthair?
- Cén ghné de do shaol a thaitníonn leat?
- Cad iad na rudaí deacra a bhaineann le do shaol?
- Cén t-am den bhliain is ansa leat, agus cén fáth san?

Ba mhaith an rud é go ndéanfadh an rang cárta a dhearadh agus a mhaisiú le buíochas a ghabháil leis an gcuairteoir as teacht chun na scoile. Tá teimpléad thíos maidir le paidir a chur ar an gcárta. Scríobhadh an phaidir in oiriúint do bheirt nó triúr 7rl.



A Thiarna Dia,

Gabhaimid buíochas as an obair a dhéanann

________________________

ar son phobal an pharóiste.

Ghlaoigh tú ar ________________________

ar bhealach speisialta le do chuid oibre a

dhéanamh ar domhan.

Bhíodar sásta, ar nós na ndeisceabal,

an obair sin a dhéanamh. Guímid ar son

________________________

go mbeidh an chrógacht agus an neart acu

leanúint ar aghaidh leis an obair sin, agus iad

ag freastal ortsa.

Beannaigh ________________________

agus bídís slán sábháilte.

